

FEABHRA

Tá an céileachas ar siubhal go tréan ag na h-éanacha, faoi láthair. An beagán aca, a ghníos cumann buan, bíonn suaimhneas aca sa séasúr seo. Ceann aca seo seadh an ghealbhán cuilinn, éan uasal ar gach bealach, ach amháin nach mór le rádh a chuid ceoil. Bíonn sé féin agus a chéile ag an bhfuinneog againn, timcheall na féile Brighde, ach is fada uainn ionad a nide. Said a chuireann Gugal Uí Gú i gcuimhne dúinn – cé ndeanfaidh said nead? I ndiamhaire na Roschoille. Tá Roschoill idir Coil na bhForbacha agus an fharraige – gharrdha an Choileabhair a thug Eoghan Ó Neachtain ar an roscoill chéadna. Bíonn an nead ag an ngealbhán cuilinn, i ngarrdha an Cheileabhar agus ag morán éan a dtaitheann aimhréidh na sgeach leo.

Is cruaidh a shaothruigheann an gealbhán buidhe a chéile. Cumann gearr a ghníos sé, agus bíonn a shliocht air, an céile éin a shanntuigeann sé i dtús an Earraigh. Ní bhíonn sí ar aon inntinn leis, b'fhéidir agus an coileach is rogha léithe. Ní fhulaingeochaidh coileach eile ina n-aice. Chonnaic mé péire choileach ag troid, lá Earraigh thar cionn na circe. Bhí cloigne agus súil a chéile dá aimsiú acu, le na ngob agus chuaidh an troid chomh fada, gur fágadh coileach acu sínte ar an talamh. Bhí lot faoi na leath-shúil. D'fhág an buille é gan mothú agus b'fhada go raibh sé indon éirighe arís. Tá furmhór mór na n-éan beag ar nós an gealbhán bhuidhe, ach nach dtroideann na coiligh chomh fíochmhar i gcomhnaidhe.

An dá luatha is a bhíos a leith-éan toghtha ag an gcirc, toghann said ionad nide dóibh féin, agus ní leigeann said aon phéire eile dá gcinéal féin nead a thógáil san aitreabh, agus má bhíonn dhá coirce nó trí ag iarraidh í a bhréagadh, is a mhealladh, ní dhéanfeadh sí rogha go gcruithuigheann coileach acu a chalmhacht. Ní mór dó bheith gaiseamhail, chomh maith le bheith galánta. Má chialluigheann imtheachta na gcoileach agus glé-dhathanna a gclúimhaigh aon rud, cuireann said i gcéill dúinn go dtaitheann áilne clumhaigh leis na cearca, agus loinnir air; agus go dtaitheann leo chomh maith, ceol agus ómós agus gaisgeamhlacht. Maran amhlaigh atá an sgéal, cad chuige do na coiligh, a bheith a marbhú a chéile in aimsir chéileachais, nó bheith ag traoslughadh do na cearca mar bhíonn siad, nó ag ceol go tréan, sul má bhíonn cumann déanta aca.

Tosnuigheann ar an gceol dá-ríribh, chomh luath is a bhíos an nead críochnuighthe. Is gnáthach leis an gcoileach a phort a ghabhail i n-aice na nide. Taitheann go mór le muinntir na tuaithe nead smólaigh nó luin a bheith i n-aice an tighe agus an ceol éin a chlos le breacadh an lae. Is minic is féidir smólach nó lon a aithneachtáil bliain i ndiadh bliana. Bhí smólach ag ceol, seacht mbliana i ndiadh a chéile, ag mo theach féin. Bhí lon ag feadhgail, dhá bhliain déag, ag teach Mhicilín i Ruisín na Maithnidheacht. Tá trí theach in aice a chéile i gCoill a Bhogaigh. Tháinig péire smólach agus thógadar nead, i gcrann óg, ag teach Riocaird agus bhí ceol dhó gach maidin. San am céadna thóg péire eile nead i sean-sgeach ag teach Mháirtín agus rinne an coileach a dhíol ceoil dó.

Bhí éad ar fhear an tighe eile, ar Sheosamh, nó go dtáinig péire smólach ina gharrdha féin, gur thógadar nead ann, gur thosuigh an smólach coiligh ar a thréan-cheol a dhéanamh, gach maidin.

Tá na cathóga ag cuartú barr an tsean-chaisleáin, ag leigeann orthu go mbeidh nead dá dhéanamh aca gan mhoill, ach tá na préacháin go cruadhógach dá-ríribh, agus tá cath síoruidhe as bun aca san gcoilleachán.

Is annamh a chloistear sgréach ón gCorr Éisg, na laetheanta seo. Tá sí ró-chruadhógach leis an iasgach, atá mall sa gcruadh-aimsir, agus taréis sin, tá a dicheall uirthé agus aire a thabhairt dá cuid ubh, dá gcosaint ar an snag breac agus ar an bhfionnóige, is bradaigh arís ná an snag. Leigeann an chorr a leipreacháin amach sa mí is fuaire sa mbliain, agus togaidh sí an nead ian ionad is gaothmhaire ar bith.

Bíonn beatha gann i gcomhnaidhe i mí na Feabhra, agus na héanacha is túisge a bheireas a gcuid ubh, said is mó a chailleas uibheacha, mar bíonn an-ocras ar na gadaidhthe. Beireann an smólach mór go luath san earrach, agus an gealbhán cátha. Trodaidhe breagh seadh an smólach mór, atá indon ag snag breac nó fionnóig agus tá sé ráidthe go dtógann an gealbhán cátha a nead, in aice le nead an smólaigh sa gcaoi go mbeidh cosaint aice ar na gadaidhthe, ar chrann árd ar bhruach an locha, nó ar an sgeachán is airde d'uireasbha crainn.

127

Tosúigheann céileachas i measg na gcearc fraoigh go luath sa ngeimhreadh. Bailigheann said ina seolta móra le chéile – ina gcéadta uaireanta – nó go mbíonn a leith-éan féin, ag gach circ aca. Sgaipeann said annsin na bpéire is na bpéire, ar fud an tsléibhe.

Ocras agus fuacht an dá rud is mó a ghoilleas ar éanacha san séasúr seo. Is gnáthach sneachta sa mí seo agus sioc. Ceithre bliana san ám seo bhí an talamh clúduighthe le sneachta, agus bhí an ghaoth chomh cruaidh gur chaith na héin, ceann a coinneál ina héadan nó sguabfaidhe chun siubhail iad. Ba mhaith le lon agus smólach taobh an fhasgtha, san mballa. Thuit an sneachta go trom ar thaobh an fhasgadh ach, bhí spás idir an claidhe sneachta agus an balla. Bhí brat de shean-duilleabhar le cois an bhalla a raibh míol agus péist agus cruimhe agus seilmeide i bhfolach ann. Níor chlúdaigh an sneachta an brat duilleabhair agus bhí lon agus smólach dhá chartadh go tréan agus is iomdha greim mhilis a fuaradar. Sideog bhocht phréachta a chonnaic iad. D'ísigh sí den chraoibh agus chuartaigh sí, an cartadh go bhfuair sí féin greim.

Ní minic a bhuaileann an sioc Árainn, ach nuair a bhuaileann ghaoth fhuair anoir na h-oileáin, préachainn sí na druideanna agus bailigheann said timcheall na simléar, ag iarraidh an teasa. Uaireanta tig said, anuas an simléar agus ar fud an tighe isteach.

Is cosmháil go mba fear céachta, treabhadóir, a bhí i nDhonnchadh Bán, an fhear dá ndearna a dhreithiúir caoineadh. Dubhairt sí go mba deas uaidh “an taobh dearg den fhód a iompódh in uachtar”.

An té a chonnaic ag treabhadh é, chonnaic sé rang fada faoileán bán ina dhiadh sa sgríb, agus corr-phréachán dubh ina measg. Níl aon treabhadóir earraigh nach mbíonn na

faoileáin dá leanacht, agus sgaipfdh siad iad féin ina rang singil ón gceann fearainn go dtí sála an chinnire.

24 Feabhra 29

An té gur mhaith leis na héin a chlos, an uair is fearr a bhíonn siad, níor mhór dó éirighe maidin roimh bhreacadh an lae. D'éirigheas roimh bhreacadh lae lá sa mí seo. Bhí an ghealach go h-árd agus solas an-gheal uirthi. Ní raibh néal le feicéal. Sgálanna fada na gceann ar an mbán agus paistí uaithne, a bhí go soillsiúil eatortha. Ní raibh cnag cairte ná grág buineáin le clos. Bhí chúig smólaigh ceoil ag ceileabhar sa gcoill, ar cholbha an bhóthair áird. An uair sin de lá, déarfá gur ceol draoidheachta a bhí acu. Tá diamhaireacht éigin a bhaineas leis an uair roimh lá, a thuigtear do na h-éanlaigh nó a spreacas chun ceoil iad.